

# PLEANÁIL DO LEANÚNACHAS GNÓ I GCRUACHÁS DROCHAIMSIRE

## COMHAIRLE DO GHNÓLACHTAÍ MAIDIR LEIS AN ULLMHÚCHÁN DO CHRUACHÁSANNA DROCHAIMSIRE

SAMHAIN 2011



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta  
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

**Forfás**



 **ENTERPRISE  
IRELAND**

 **IDA  
IRELAND**



*Údarás na Gaeltachta*

## Clár an Ábhair

<b>1. Pleanáil do Leanúnachas Gnó i gCruachás Drochaimsire</b>	<b>2</b>
<b>1.1 Réamhrá</b>	<b>2</b>
<b>1.2 An Cur Isteach ó Chruachás Drochaimsire</b>	<b>3</b>
<b>2. Liosta Seiceála maidir leis an bPleanáil do Leanúnachas Gnó - Bearta i ndáil le Cruachás Drochaimsire</b>	<b>5</b>
<b>2.1 Bearta Pleanála</b>	<b>6</b>
<b>2.2 Ceisteanna Gnó le Díriú orthu</b>	<b>7</b>
<b>2.3 Bearta chun Bonn Treise a chur faoin Leanúnachas</b>	<b>8</b>
<b>2.4 Pleanáil i ndáil le Baol don Ionad Oibre le linn géarchéim Drochaimsire</b>	<b>9</b>
<b>3. An Liosta Seiceála a Úsáid</b>	<b>10</b>
<b>3.1 Bearta Pleanála</b>	<b>10</b>
<b>3.2 Ceisteanna Gnó le Díriú orthu</b>	<b>12</b>
<b>3.3 Bearta chun Bonn Treise a chur faoin Leanúnachas</b>	<b>19</b>
<b>3.4 Pleanáil i ndáil le Baol don Ionad Oibre le linn géarchéim Drochaimsire</b>	<b>23</b>

## 1. Pleanáil do Leanúnachas Gnó i gCruachás Drochaimsire

### 1.1 Réamhrá

*Is díol suntais gur tharla dhá thréimhse as na sé thréimhse is fuaire i stair meitéareolaíochta na hÉireann in imeacht aon bhliain amháin; is léiriú ar a dheacra atá sé na pátrúin aimsire a chuireann isteach ar an tír seo a thuar gur tharla tuilte eisceachtúla díreach roimhe sin i mí na Samhna 2009.*

*Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartaíocht i ndáil le Géarchéimeanna Eisceachtúla Drochaimsire i rith na mblianta 2009 - 2010  
An Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Cásanna Éigeandála*

D'fhéadfadh go gcuirfí isteach go mór ar chúrsaí gnó le cruachás drochaimsire. Níl aon chinnteacht ag baint le géire an chur isteach. Dá chrua an aimsir agus dá fhad dá leanann toradh na drochaimsire, mar shampla tuilte, sneachta nó leac oighir, is ea is mó an cur isteach is dócha a bheadh i gceist. Ní amháin go bhféadfadh drochaimsir cur isteach ar do ghnó féin, d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar ghnólachtaí eile, in Éirinn agus thar lear.

Tá 'Feachtas Eolais Ullamh don Gheimhreadh' curtha ar bun ag an Rialtas d'fhonn comhairle agus eolas a chur ar fáil a bheadh ina chúnamh ag daoine den phobal ionas gur fearr a bheidís ullamh chun déileáil le thréimhse d'aimsir chrua. Tá leabhrán dar teideal 'Bí Ullamh don Gheimhreadh' curtha le chéile ag an Oifig Pleanála Éigeandála chomh maith le láithreán gréasáin [www.winterready.ie](http://www.winterready.ie) ar a gcuirtear comhairle den phraiticiúlacht ar fáil maille leis na sonraí caidrimh do na seirbhísí is mó a chuireann cúnamh ar fáil i gcásanna éigeandála a bhaineann le drochaimsir. Tugtar na seirbhísí ar fad a bhaineann le hábhar le chéile faoi scáth an tionscnaimh seo chun comhairle den phraiticiúlacht a chur fáil don phobal.

Chomh maith leis sin, tá liosta seiceála gairid do ghnólachtaí curtha le chéile ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in éineacht le Forfás mar chabhair maidir leis an ullmhúchán do chruachásanna drochaimsire, bunaithe ar threoir a hullmhaíodh roimhe seo maidir le leanúnachas gnó i gcás paindéime fliú<sup>1</sup>. Ba cheart go mba ghnáthchuid de chúrsaí gnó an phleanáil maidir le leanúnachas gnó ainneoin teagmhas mórbhaoil. Cé go bhfuil pleananna ullmhaithe cheana féin ag cuid mhaith gnólachtaí, go háirithe ag comhlachtaí móra agus ag forais airgeadais, maidir le leanúnachas an ghnó i gcásanna lena n-áirítear cruachás drochaimsire, ní mór gach gnólacht a bheith ar an eolas agus ullamh do gach cineál cur isteach a d'fhéadfadh tarlú.

Dírítear sa cháipéis seo ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ar chúrsaí gnó agus moltar bearta ba chóir a dhéanamh i ndáil le ceisteanna mórtábhachta chomh maith le bearta chun bonn a chur faoi leanúnachas gnó. Luaitear liosta seiceála den phraiticiúlacht agus tugtar teimpléad bunúsach a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair maidir le réimsí laige i bpleananna don leanúnachas gnó a shonrú.

---

<sup>1</sup> Féach Forfás, Business Continuity Planning - Responding to an Influenza Pandemic, [http://www.forfas.ie/media/forfas070228\\_business\\_continuity.pdf](http://www.forfas.ie/media/forfas070228_business_continuity.pdf)

## 1.2 An Cur Isteach ó Chruachás Drochaimsire

I measc na nithe iomadúla a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar chruachás drochaimsire agus a bhfuil de chúram ar ghnólachtaí ullmhúchán a dhéanamh ina leith, tá neamhláithreacht ar rátaí níos airde, cur isteach ar na córais soláthair (isteach agus amach), cur isteach ar thaisteal maidir le cúrsaí gnó, agus lagú ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí, chomh maith le tionchar ar chúrsaí acmhainní pearsanra, árachais agus sreabhadh airgid.

Seo a leanas roinnt de na nithe is tábhachtaí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar gheall ar aimsir chrua:

- Is dócha go dtiocfadh ardú géar ar chásanna ina mbíonn fostaithe as láthair, go háirithe le linn na drochaimsire féin. I gcás ghnólacht den ghnáthchineál, ba den stuaim a mheas go dtarlódh cás géar go maith ina mbeadh 25% de na fostaithe as láthair nuair is measa an cás, cé go mbeadh an ráta neamhláithreachta ag brath ar an suíomh oibre, ar fhad an turais chuig an obair agus ar na modhanna taistil;
- D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar an éileamh ó chustaiméirí, ó thaobh méid an éilimh agus ó thaobh na nithe a mbeadh éileamh ag custaiméirí orthu;
- D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar chúrsaí soláthair agus ar na nithe a bhíonn de dhíth ionas go n-oibríonn an ghnólacht;
- D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar sheirbhísí fóntais agus go mbeadh gearradh cumhachta i bhfad níos faide ná mar a bheadh de ghnáth;
- D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar oibriú na gcóras iompair agus lóistíochta a mbaineann gnólachtaí leas astu; agus
- Ní féidir a rá go cinnte dearfa cén tionchar a bheadh ag cruachás éigeandála maidir le drochaimsir ar sheirbhísí buntábhachtacha gnó.

Ba réasúnach an bonn tuisceana maidir le pleanáil do chúrsaí gnó a mheas:

- Go bhféadfadh go mbeadh cur isteach ar sheirbhísí buntábhachtacha draenála nó séarachais, leictreachais, gáis, teileachumarsáide agus uisce agus go bhféadfadh go leanfadh cur isteach den chineál sin ar feadh tamaill fhada ag brath ar chomh leitheadach agus a bheadh na deacrachtaí ba bhonn leo;
- Go bhféadfadh cur isteach ar chúrsaí iompair do phaisinéirí (go hidirnáisiúnta agus go hintíre);
- Go bhféadfadh go mbeadh cur isteach áirithe ar bhailiú agus ar dhiúscairt dramaíola;
- Go bhféadfadh go mbeadh cur isteach ar sheirbhísí lóistíochta in Éirinn agus thar lear mar gheall ar ghanntanas foirne agus mar gheall ar dhroghall ar an lucht lóistíochta fostaithe agus trealamh dá gcuid a chur i mbaol mar gheall ar dhrochaimsir nó ar dheacrachtaí taistil;
- Go bhféadfadh go mbeadh cur isteach ar bhainistíocht éifeachtúil ar chórais soláthair mar gheall nach féidir taisteal, mar gheall ar ghanntanas foirne a chuirfeadh isteach ar an soláthar, agus mar gheall freisin ar shocruithe faoi na táirgí a dtugtar tús áite dá

gcur ar fáil. D'fhéadfadh go dtabharfadh soláthraithe áirithe tús áite do na custaiméirí logánta an fhaid a leanann ganntanas; agus

- Go bhféadfadh an drochaimsir a bheith forleathan (sneachta nó tuilte) agus, i gcásanna den sórt sin, go bhféadfadh bá níos mó a bheith ag custaiméirí agus ag geallsealbhóirí le comhlachtaí, go mór mór nuair atá tuairiscí ar an gcás á dtabhairt ar fud na tíre. Sa chás go dtarlaíonn eachtra nach gcuireann isteach ach ar an aon eagraíocht amháin (dóiteán, cliseadh teicniúil, etc.) is lú go mór an seans go mbeidh bá ag custaiméirí agus ag geallsealbhóirí leis an gcomhlacht.

Leagtar amach sna ranna seo a leanas na príomhnithe is gá a thabhairt san áireamh agus plean á ullmhú maidir le leanúnachas gnó san eagraíocht sin agatsa chun cinntiú go mbítear ullamh le beart a dhéanamh sa chás go dtarlaíonn cruachás drochaimsire. Ní mór pleanáil a dhéanamh chun eagraíocht sheasmhach a chruthú a bhfuil d'acmhainn inti seasamh in aghaidh an ní nach mbíonn coinne leis. Ní mór tuiscint ar na hacmhainní sin a mbíonn an eagraíocht ag brath orthu, anailís ar chásanna géarthaubaste a d'fhéadfadh tarlú, réamhphleanáil ar bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh, réamh-mhachnamh ar réimse straitéisí malartacha, córais shoiléire cumarsáide agus dea-chaidreamh leis na custaiméirí, leis na soláthraithe agus leis na meáin chumarsáide. Ní in imeacht aon lá amháin a thugtar Pleananna agus Gnáis Bhainistíochta don Leanúnachas Gnó (BCM, maidir le *Business Continuity Management*) stuama chun cinn; is de réir na gcéimeanna seo a leanas is fearr a thugtar a leithéid i gcrích:



Foinse: Willis Risk Management

### **Measúnacht agus Smacht ar Ábhar Baoil**

- Déantar mapáil maidir leis an gcóras soláthair agus sonraítear cásanna spleáchais cinniúnacha maidir leis na cuspóirí a thabhairt i gcrích
- Déantar athbhreithniú ar bhearta rialála, ar shocruithe teagmhais agus ar bhearta timpeall d'fhonn leanacht i bhfeidhm faoi láthair

### **Anailís ar an Tionchar ar an nGnó**

- Sonraítear ábhar bagartha maidir leis an ngnáthfheidhmiúchán (aimsir chrua san áireamh)
- Déantar cásanna a shamlú ina dtarlaíonn cliseadh agus déantar an tionchar ar an eagraíocht a mheas

### **Straitéisí maidir le Leanúnachas Gnó a thabhairt chun cinn**

- Pléitear an gnólacht a chur ina cheart arís agus cúrsaí oibriúcháin a chur ar bun in athuair taobh istigh den tréimhse ama a éilítear
- Sonraítear na hacmhainní, an t-ábhar agus an t-eolas a bheidh de dhíth ionas gur féidir an gnólacht a chur ina cheart arís

### **Plean Beartaíochta i gCás Éigeandála**

- Leagtar síos bearta atá le déanamh de réir mar a thugtar an cás faoi deara (e.g. glaoch ar na seirbhísí éigeandála, trealamh / ábhar a thabhairt chun bealaigh, nuair is cuí sin)

### **Plean Bainistíochta i gcás Géarcéime**

- Dírítear ar chúrsaí cumarsáide (fostaithe agus an chéad chaidreamh le custaiméirí / soláthraithe / meáin chumarsáide / lucht infheistíochta)

### **Plean Téarnaimh Gnó**

- Dírítear ar na ceisteanna ar fad maidir le cúrsaí fisiceacha agus teicniúla nach mór dul i ngleic leo chun cinntiú go gcuirtear an gnólacht ar ais i mbun feidhmiúcháin go hiomlán a luaithe is féidir

^\*^

## **2. Liosta Seiceála maidir leis an bPleanáil do Leanúnachas Gnó - Bearta i ndáil le Cruachás Drochaimsire**

Seo a leanas liosta seiceála de na cineálacha baoil is mó a bheadh ann do ghnóthaí gnólachta sa chás go dtarlódh cruachás drochaimsire chomh maith le bearta ullmhúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ina leith. Tugtar comhairle faoi nithe le tabhairt san áireamh agus an liosta seiceála á líonadh isteach i Roinn 3 sa cháipéis seo.

2.1 Bearta Pleanála

Níor Tosaíodh go Fóill	Ar Siúl	Críochnaithe	
			1.1 Freagracht maidir le pleanáil agus ullmhúchán a leagan ar fheidhmeannach sinsearach agus ar ionadaí
			1.2 Eolas a fháil faoi chruachásanna drochaimsire agus breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'imir cásanna drochaimsire roimhe seo ar an ngnó
			1.3 Dul i gcomhairle le daoine taobh istigh den chomhlacht agus le hionadaithe foirne nó lucht oibre
			1.4 Dul i gcomhairle le soláthraithe
			1.5 An tionchar 'Ardleibhéil' ar an ngnó a mheas agus tús áite a thabhairt dá réir sin do bhearta áirithe sa phróiseas pleanála
			1.6 Plean maidir le leanúnachas gnó a thabhairt chun cinn
			1.7 Cúrsaí maidir le húdarás, spreagadh agus modhanna oibre a leagan síos i ndáil leis an bplean a chur i bhfeidhm
			1.8 An plean a thástáil trí bhearta freachnaimh
			1.9 An sárchleachtas a phlé le gnólachtaí eile
			1.10 An plean a bhreithniú go tráthrialta agus tar éis cruachásanna drochaimsire

2.2 Ceisteanna Gnó le Díriú orthu

Níor Tosaíodh go Fóill	Ar Siúl	Críochnaithe	
			2.1 Sonraítear cásanna spleáchais cinniúnacha maidir leis an obair agus na fostaithe, ábhar, trealamh, fónais agus bunábhar is gá chun iad a choinneáil ar siúl
			2.2 Déantar an cur isteach a d'fhéadfadh a theacht ó neamhláithreacht fostaithe a mheas
			2.3 An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar an soláthar bunábhair nó ar fhónais a thabhairt faoi mheas
			2.4 An tionchar is dócha a bheadh ag géarchéim drochaimsire ar an margadh agus ar riachtanas an chustaiméara a scrúdú
			2.5 Riachtanais straitéiseacha a shonrú agus a shocrú
			2.6 Tuiscint maidir leis an riachtanas ó thaobh cúrsaí gnó atá le cruinnithe ar aon láthair le linn géarchéim drochaimsire
			2.7 Tugtar faoi mheas, de réir mar is cuí, a dtagann i gceist don ghnó maidir le cúrsaí taistil nuair atá cúrsaí aimsire ag cur isteach ar thaisteal bóthair, iarnróid, farraige agus aeir
			2.8 Tuigtear riachtanais speisialta roinnt de na fostaithe le linn géarchéim drochaimsire
			2.9 Tugtar faoi mheas a mbeadh i gceist ó thaobh na bainistíochta ar chúrsaí airgeadais le géarchéim drochaimsire
			2.10 Scrúdaítear a oiread a bheadh daoine eile ag brath ar an ngnólacht i gcás géarchéim drochaimsire
			2.11 Smaoinítear ar na cásanna ina bhféadfadh go socrófaí laghdú ar an obair nó a cur ar athló nuair atá cúrsaí aimsire ag cur isteach ar an ngnó – cén duine ag a mbeadh údarás sin a shocrú, cén bealach agus cén tráth



2.3 Bearta chun Bonn Treise a chur faoin Leanúnachas

Níor Tosaíodh go Fóill	Ar Siúl	Críochnaithe	
			3.1 Ainmnítear ionadaithe
			3.2 Foireann ilscileanna go himheánach
			3.3 Déantar cumarsáid leis an lucht foirne ar bhealach atá oiriúnach i bhfianaise na bhfógraí reatha faoi chúrsaí aimsire
			3.4 Déantar plean cumarsáide maidir le cás éigeandála a ullmhú
			3.5 Déantar polasaithe a ullmhú maidir le neamhláithreacht fhostaithe agus saoire atruach le linn cruachás drochaimsire
			3.6 Déantar polasaithe a ullmhú maidir le taisteal le linn cruachás drochaimsire
			3.7 Déantar pleanáil maidir le riachtanas a bheadh ar lucht foirne thar lear
			3.8 Déantar socruithe maidir le soláthar ábhair a chinntiú sa chás go dtarlaíonn cruachás drochaimsire
			3.9 Tugtar san áireamh athruithe a d'fhéadfaí a chur ar tháirge, ar sheirbhís nó ar an gcaidreamh le custaiméirí le linn cruachás drochaimsire, agus déantar an pleanáil d'aon leasú a mheastar a bheadh oiriúnach
			3.10 Déantar athbhreithniú maidir le cúrsaí árachais agus cuirtear na nithe atá faoi árachas i gcomórtas leis an mapáil a dhéantar ar réimsí baoil d'fonn aon bhearna a thabhairt faoi deara

2.4 Bearta i ndáil le Baol don Ionad Oibre i gcás Géarchéim Drochaimsire

Níor Tosaíodh go Fóill	Ar Siúl	Críochnaithe	
			4.1 Cinntítear go bhfuil an próiseas bainistíochta maidir le cás géarchéime leagtha amach go sainiúil agus soiléire mar gheall air. Cinntítear go dtuigeann an mheitheal an ról atá léi agus na bearta a d'fhéadfadh a bheith i gceist
			4.2 Déantar pleanáil maidir le soláthar do ghlanadh sneachta agus leac oigir taobh amuigh
			4.3 Déantar pleanáil maidir le glanadh éifeachtúil go minic ar an láthair oibre
			4.4 Déantar pleanáil maidir le bearta cosanta in aghaidh tuilte, leis na daoine ar a leagtar an cúram ina leith agus leis an tráth a gcuirfidísean bearta cosanta in aghaidh tuilte i bhfeidhm a shonrú
			4.5 Déantar pleanáil maidir le bearta a chur ar bun trína laghdófaí an seans go dtarlódh sceitheadh agus a dtiocfadh dá bharr sin
			4.6 Polasaithe a chur le chéile maidir le fostaithe a bhfuil deacracht taistil acu teacht i láthair ag an obair, éileamh go ndéanfaí socruithe speisialta maidir le hobair ón mbaile nó socruithe maidir le saoire atruach
			4.7 Polasaithe a ullmhú maidir le solúbthacht i ndáil le hionaid oibre (e.g. teilea-obair) agus le huaireanta oibre (e.g. sealobair)
			4.8 Infrastruchtúr TEC a chur ar fáil a bheadh mar bhonn taca le hobair teilea-obair agus cianchaidreamh le custaiméirí
			4.9 Pleanáil a dhéanamh ar bhearta chun laghdú ar an méid taistil a dhéantar agus ar an gcuidreamh ar aon láthair le custaiméirí nó soláthraithe
			4.10 Bearta is féidir a dhéanamh maidir le heagrú na hoibre a shonrú chun an seans a mhaolú go dtógfadh fostaithe galar ó dhaoine atá sa láthair oibre a bhfuil slaghdán éadrom etc. orthu

Síniú:

(An Feidhmeannach Freagrach)

### 3. An Liosta Seiceála a Úsáid

Tugtar treoir sa roinn seo maidir le liosta seiceála mar atá i Roinn 2 thuas a ullmhú.

#### 3.1 Beartha Pleanála

##### 3.1.1 Freagracht maidir le pleanáil agus ullmhúchán

Ba cheart go gceapfaí comhordaitheoir agus / nó meitheal comhordúcháin san eagraíocht i ndáil leis an bpleanáil do leanúnachas gnó agus freagracht faoi leith orthu agus buiséad ar leith ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhúchán. Ba cheart go gceapfaí ionadaí. Ba cheart go mbeadh aird faoi leith ag an meitheal ar phleanáil maidir le cruachás drochaimsire.

Sa chás go bhfuil próiseas pleanála ag an eagraíocht cheana féin maidir le leanúnachas gnó, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh agus an bealach a ndéantar ullmhúchán maidir le teagmhais drochaimsire a mheas chomh maith le héifeachtúlacht an phróisis i gcásanna eile go dtí seo.

##### 3.1.2 Eolas faoi ghéarchéimeanna drochaimsire

Tugtar liosta seiceála sa cháipéis seo maidir le cúrsaí gnó agus an t-ullmhúchán do chruachásanna drochaimsire.

Seo a leanas na príomhfhoinsí eolais faoi ghéarchéimeanna drochaimsire agus cásanna éigeandála:

- [www.winterready.ie](http://www.winterready.ie)
- An Roinn Comhshaoil, Pobalagus Rialtais Áitiúil [www.environ.ie](http://www.environ.ie)
- An Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt [www.transport.ie](http://www.transport.ie)
- Met Éireann [www.met.ie](http://www.met.ie)
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta [www.nra.ie](http://www.nra.ie)
- AA Roadwatch, etc.

I measc na n-eagraíochtaí eile in Éirinn a d'fhéadfadh eolas a bhaineann le hábhar a chur ar fáil, tá aerfoirt agus calafoirt, eagraíochtaí ionadaíochta agus údaráis áitiúla.

Déantar athbhreithniú ar eachtraí drochaimsire roimhe seo, an scála (leibhéal tuilte le 30 bliain agus le 100 bliain anuas, tréimhsí fada sneachta agus seaca) agus an cur isteach a bhí ag cruachásanna drochaimsire ar an ngnólacht.

##### 3.1.3 Comhairle leis an gcomhlacht agus le hionadaithe an lucht oibre

Téitear i gcomhairle le daoine ar fud an ghnó. D'fhéadfadh cruachás drochaimsire nó cás éigeandála cur isteach ar gach gné den ghnó.

Déantar comhairle mar is cuí leis an lucht foirne agus le hionadaithe an lucht oibre. I gcás cruachás drochaimsire, d'fhéadfadh gur ag brath ar mhuinín na bhfostaithe sa bheartaíocht atá á déanamh a bheadh acmhainn an ghnólachta feidhmiú.

### 3.1.4 Comhairle le Soláthraithe

Téitear i gcomhairle le soláthraithe agus fochonraitheoirí mórtábhachta d'fhonn soiléire maidir le pleananna daingne don leanúnachas gnó a bheith ar bun acusan. Ní mór tuiscint a fháil ar na nithe is dócha dhéanfaidh siadsan i gcás cruachás drochaimsire agus an chaoi ar éirigh leo i gcásanna den chineál sin cheana a mheas. Tharlódh gur féidir socruithe a dhéanamh chun soláthar nó seirbhís a chinntiú. Más aon soláthraí amháin atá agat maidir le cás ar bith, ba cheart smaoineamh ar sholáthraithe breise a cheadú roimh ré nó ar shocruithe soláthair i gcásanna éigeandála.

### 3.1.5 An Tionchar 'Ardleibhéil' ar an nGnó a mheas

Déantar an tionchar 'Ardleibhéil' ar an ngnó a mheas agus tugtar tús áite de réir mar is cuí don phróiseas pleanála. Ba cheart don eagraíocht ar an gcéad dul síos meastóireacht tionchair 'Ardleibhéil' a ullmhú i ndáil leis an ngnó. Ba cheart dá réir sin go mbeadh measúnacht airgeadais i ndáil leis an tionchar ar fáil, bearta straitéiseacha don ghnó i gcás cruachás drochaimsire curtha in ord tábhachta agus buiséad imlíneach ar fáil maidir leis an bpróiseas pleanála don leanúnachas gnó a chur ar bun agus a choinneáil ar siúl. Ba cheart go mbeadh aontú an bhoird leis sin agus/nó aontú lucht bainistíochta sinsearach.

### 3.1.6 Plean a chur le chéile

Baintear úsáid as an liosta seiceála mar chabhair chun plean a thabhairt chun cinn maidir le bheith ullamh sa chás go dtarlaíonn cruachás drochaimsire agus beart a dhéanamh sa chás go dtarlaíonn aon eachtra éigeandála.

Ní cruachás drochaimsire an t-aon bhagairt amháin a bheadh ann do leanúnachas an ghnólachta sin agatsa. Ó bhíonn an plean curtha le chéile, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as mar bhun le plean do leanúnachas gnó i gcás réimse níos leithne de na cineálacha baoil a bheadh ann don ghnó.

### 3.1.7 Cúrsaí maidir le húdarás, spreagadh agus modhanna oibre a leagan síos i ndáil leis an bplean a chur i bhfeidhm

Leagtar síos cé na daoine a mbeidh d'údarás acu cur i bhfeidhm an phlean agus ghnéithe den phlean a spreagadh, sonraítear ar féidir le duine ar bith sa mheitheal sin a dhéanamh nó an mbraitheann sé ar an gcomhaontú. Leagtar síos gnás oibre maidir leis an bplean a chur i bhfeidhm.

Ba cheart go mbainfeadh soiléire leis na cásanna ina spreagfaí cur i bhfeidhm an phlean agus éirí as an bplean. Tá gnólachtaí go leor ar fud an domhain a mbíonn socraithe acu go spreagtar gnéithe éagsúla den phlean i gcás fógra ó sheirbhísí meitéareolaíochta agus rabhadh ó lucht thuar na haimsire. I gcás an chuid is mó de ghnólachtaí na hÉireann, is ó Met Éireann agus ó mheitheal idir-rannach an Rialtais maidir le pleanáil do chásanna éigeandála a thiocfaidh an creatchóras agus na fógraí rabhaidh tábhachtacha i ndáil le cruachás drochaimsire.

### 3.1.8 An plean a thástáil trí bhearta freachnaimh

Cuirtear beart freachnaimh ar bun chun an plean a thástáil. Cuirtear cnámhscéal i gcás atá bunaithe ar chás drochaimsire measartha go leor. Is dócha go mbeadh gnéithe den chineál seo a leanas ag baint leis:

- Tréimhse laethanta nó seachtainí a leanann an t-am a dtarlaíonn cruachás drochaimsire i dtosach;
- Tréimhse a dtagann ardú lena linn ar neamhláithreacht foirne go dtí an buaicphointe agus a dtagann íslíú de réir a chéile ina dhiaidh sin arís;
- Tarlaíonn pátrún mar sin arís, agus b'fhéidir an tríú huair, le linn an gheimhridh;
- Roinnt daoine saintábhachtacha den fhoireann a bheith as láthair ar feadh tréimhsí, bainisteoirí mórtábhachtacha agus daoine mórtábhachtacha den fhoireann TE ina measc;
- Straitéisí a chur i bhfeidhm d'fhonn an baol a bhainfeadh le taisteal do na fostaithe, na custaiméirí agus na soláthraithe a mhaolú;
- Cur isteach ar chustaiméirí agus ar an margadh;
- Cur isteach ar sholáthraithe agus ar chúrsaí lóistíochta.

Más mian leat go mbeadh cur isteach ar sheirbhís bhunriachtanach mar chuid den chnámhscéal, cuirtear i gcás go dtarlaíonn fabht agus go dteastaíonn tréimhse i bhfad níos faide ná mar is iondúil chun rudaí a chur ina gceart. Cuirtear i gcás a bhféadfadh a theacht ó chur isteach ar an soláthar cumhachta. Ríomhtar an toradh a bheadh ar a bhfuiltear a chur i gcás, mar bheart meastóireachta ag bord oibre nó mar ábhar plé le bainisteoirí líne agus lucht foirne.

Déantar an plean a leasú bunaithe ar a dtagann chun cinn le linn na beartaíochta sin.

### 3.1.9 An sárchleachtas a phlé le gnólachtaí eile

Déantar an phleanáil agus an t-ullmhúchán maidir le cruachás drochaimsire nó éigeandála a phlé le gnólachtaí eile. Baintear úsáid as grúpaí gnó nó eagraíochtaí eile gnó chun an sárchleachtas a phlé, foghlaim óna chéile agus tabhairt faoi fhreachnaimh i gcomhar.

### 3.1.10 An Plean a Bhreithniú go Tráthrialta

Ba cheart athbhreithniú, agus atástáil, a dhéanamh ar an bplean go tráthrialta, go háirithe nuair a thugtar isteach táirgí nó seirbhísí nua, agus an lón eolais a gnóthaíodh ón mbliain atá caite a thabhairt i gceist. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana ionas go gcinntítear go mbíonn sé de réir na linne. Ba cheart a sheiceáil go bhfuil socruithe a bhféadfadh athrú a theacht orthu (e.g. liostaí uimhreacha fóin nó socruithe maidir le hionadaithe) bord ar bhord leis an aimsir.


## 3.2 Ceisteanna Gnó le Díriú Orthu

### 3.2.1 Cásanna spleáchais cinniúnacha a shonrú

Sonraítear cásanna spleáchais cinniúnacha maidir leis an obair agus na fostaithe, ábhar, trealamh, fónais agus an bunábhar is gá chun iad a choinneáil ar siúl. Tugtar i gceist an

bheartaíocht a mbaineann bunriachtanas léi maidir leis an ngnó sa chás go dtarlaíonn cruachás drochaimsire agus an bheartaíocht nach mbeidh oiread tábhachta léi. Sonraítear na daoine, an t-ábhar, an trealamh, na fóntais agus bunábhar eile is gá chun bearta oibre bunriachtanacha a choinneáil ar siúl. Tugtar anseo síos sampla de bheart mapála ar na príomhfheidhmeanna gnó agus ar na bearta oibre mórhábhachta maidir le láthair déantúsaíochta lena leagtar amach roinnt réimsí cinniúnacha ar chóir díriú orthu maidir le pleanáil do leanúnachas gnó agus mapáil ar chúrsaí baoil (oiread agus scála na hoibre san áireamh). Is féidir toradh mhapáil den chineál seo a úsáid ina dhiaidh sin le haghaidh anailís níos mine a dhéanamh agus chomh maith leis an bpleanáil ar bheartaíocht.

Fíor 1: Mapáil Eiseamláireach maidir le Spleáchas Cinniúnach



Foinse: Willis Risk Management

Spleáchas Cinniúnach

Freastalaithe Táirgíochta (20)	
Freastalaithe Cumarsáide (10)	
Mór-ríomhaire Aer Chóiriúcháin (1)	
Freastalaithe Ríomhhphoist (3)	Córais
Teilea-obair	
Líonra VPN	
Córas Leathanbhanda	Cúrsaí Cumarsáide
Bonnfhoireann Riaracháin (10 ball foirne)	
Próiseáil Orduithe (15 ball foirne)	
Stóras (15 ball foirne)	
Córas Soláthair (6 ball foirne)	
Díolachán & Margaíocht (3 ball foirne)	
Airgeadas (10 ball foirne)	Pearsanra
Ríomhairí Pearsanta (50)	
Priontálaithe (5)	
Meaisíní Faics (3)	
Teileafóin (50)	Trealamh
Soláthraí A (30% den bhunábhar)	
Soláthraí B (25% den bhunábhar)	
	Soláthraithe
Custaiméir A (25% den éileamh)	
Custaiméir B (20% den éileamh)	
Custaiméir C (10% den éileamh)	Custaiméirí
Déantúsaíocht	
	Meaisín A
	Meaisín B
Fuinneamh 30KVA	
Uisce 30 cum	
Gás (1500L)	Fóntais
Foirgneamh A (50,000 troigh cearnach)	
Foirgneamh B (25,000 troigh cearnach)	
	Áitribh
Spás Stórais	
Racáil	
Trealamh Ionramhála	
Córas Barrachóid	Stoc

### 3.2.2 An cur isteach ó neamhláithreacht fostaithe a mheas

Is dócha, má tharlaíonn cruachás drochaimsire, go dtarlóidh cuid mhaith fostaithe a bheith as láthair. Braithfidh géire na neamhláithreachta ar ghéire na drochaimsire, ar shuíomh na heagraíochta, ar na modhanna taistil ag an obair, ar fhad an turais, ar thosca áirithe a bhaineann go sonrach leis an ngnó, agus ar an ní a dhéanann na fostaithe mar gheall ar an ngéarchéim drochaimsire.

D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith le fostaithe a bheith as láthair:

- Tharlódh daoine breoite mar gheall ar shlaghdán nó fliú nó gortaithe mar gheall ar eachtraí a bhaineann leis an drochaimsir agus gan ar a gcumas theacht ag obair;
- D'fhéadfadh roinnt fostaithe a bheith breoite agus iad as láthair ar chúiseanna eile. Leanfaidh breoiteacht de chineálacha eile ag tarlú le linn géarchéim drochaimsire;
- D'fhéadfadh gur mhian le fostaithe áirithe fanacht ón obair chun aire a thabhairt do ghaolta aosta. Sa chás go mbíonn scoileanna nó ionaid cúram linbh dúnta, d'fhéadfadh gur mhian le daoine eile fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt do leanaí;
- D'fhéadfadh deacracht a bheith ag fostaithe áirithe modh taistil chuig an obair a shocrú; agus
- D'fhéadfadh laghdú mór a bheith ar an gcóras iompair poiblí nó seirbhísí curtha ar ceal.

Is é is dócha gur le linn an chuid is measa den chruachás drochaimsire is mó a bheidh daoine as láthair, nuair a tharlaíonn stoirmeacha sneachta nó sioc crua mar shampla. D'fhéadfadh go leanfadh sin ar feadh tréimhsí fada, laethanta as a chéile i gcás sneachta agus seachtainí i gcás teocht íseal. Ní féidir a mheas le cinnteacht cé chomh hard agus a bheadh leibhéal neamhláithreachta i gcás gnólachta. Beidh nithe go leor a thiocfaidh i gceist, mar shampla dearcadh na bhfostaithe i ndáil le contúirt, scoileanna na háite a bheith oscailte nó dúnta, an t-ardú a thagann an tráth céanna ar na leibhéil breoiteachta maidir le slaghdán agus an fliú agus na bearta a dhéantar chun an baol go dtarlódh galrú san ionad oibre a mhaolú.

Ba den stuaim, maidir le neamhláithreacht ar chúiseanna eile a mheas le linn na planála, go dtabharfadh gnólachtaí den ghnáthchineál cásanna san áireamh ina mbeadh 25% de na fostaithe as láthair nuair is measa an cruachás drochaimsire. Ba cheart a thabhairt san áireamh chomh maith go bhféadfadh na leibhéil neamhláithreachta bheith níos ísle ná sin nó, go deimhin, go bhféadfadh leibhéil níos airde a bheith i gceist.

Tugtar faoi mheas bearta gnó cinniúnacha ar furasta a chuirfí isteach orthu dá mbeadh roinnt bheag den fhoireann as láthair. D'fhéadfadh gur bainisteoirí móorthábhachta atá i gceist. B'fhéidir go mbítear ag brath ar líon bheag lucht foirne TE ionas gur féidir oibriú. Tharlódh go mbítear ag brath ar sheirbhís saineolais, mar shampla saotharlann, nó ar líon bheag de lucht gairme deimhnithe.

D'fhonn an caidreamh leis an gcustaiméir a choinneáil ar bun, d'fhéadfaí smaoineamh ar roghanna breise a chur ar fáil maidir le hordú ar an idirlíon nó tráchtáil leictreonach.

D'fhéadfadh deacrachtaí faoi leith a bheith ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá faoi bhainistíocht an úinéara sa chás go mbíonn an t-úinéir breoite nó sáinnithe ar bhealach eile an tráth céanna a bhfuil an gnó faoi bhrú mar gheall ar chruachás drochaimsire nó cás éigeandála.



### 3.2.3 An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar an soláthar bunábhair a thabhairt faoi mheas:

Sonraítear na soláthraithe is tábhachtaí. Maidir le gach soláthraí mórthábhachta:

- Bíodh tuiscint ar a oiread atá stóras maolánach ina chosaint ar chur isteach soláthair don ghnólacht agus ar a oiread a thagann tréimhsí príomhthábhachta an ghnólachta an tráth is mó a dtarlódh cruachás drochaimsire;
- Ríomhtar an tionchar a thiocfadh i gceist mura mbeadh ar chumas an tsoláthraí freastal ar an ngnólacht, mura bhféadfaí soláthar ar na gnáthleibhéil a dhéanamh nó dá mbeadh tráth ordaithe níos faide i gceist;
- Déantar a mheas cé chomh furasta agus a chuirfí isteach ar an bhfoinse soláthair dá dtarlódh cruachás drochaimsire, agus ceisteanna foirne, an slabhra soláthair anall go dtí an soláthraí féin, ceisteanna iomaíochta agus toasca ar bith eile a bhainfeadh le hábhar a thabhairt san áireamh;
- Déantar a mheas cé chomh furasta agus a chuirfí isteach ar an ngnó mar gheall ar dheacrachtaí le seirbhísí lóistíochta, poist nó cúiréireachta;
- Déantar a mheas an mbeadh teacht ag an ngnólacht ar fhoinsí eile soláthair, agus an gcuirfeadh sin bonn níos treise faoin soláthar ar bhealach dáiríre; agus
- Déantar a mheas an ligfeadh an nós oibre atá i bhfeidhm maidir le gnóthaí soláthair don ghnólacht malairt soláthraithe a thapú i gcás práinne, smaoinítear faoi sholáthraithe eile a cheadú roimh ré nó faoi cheisteanna caighdeáin ina leith a mheas roimh ré.

### 3.2.4 An tionchar is dócha a bheadh ar an margadh a scrúdú

Scrúdaítear an tionchar is dócha a bheadh ag cruachás drochaimsire ar mhargadh an ghnólachta agus ar riachtanas na gcustaiméirí. Déantar a mheas ar dócha gur mó nó gur lú an t-éileamh a bheadh ar tháirgí dá dtarlódh cruachás drochaimsire. Mar shampla:

- Sa chás nach rud an táirge nó an tseirbhís a mbíonn gá bunúsach leis, nó má bhraitheann sé ar an gcustaiméir a bheith i mbun taistil, is dócha gur lú an t-éileamh a bheadh air.
- Sa chás go mbítear ag déanamh soláthair le gnólachtaí eile, cuirfidh géarchéim drochaimsire isteach orthu sin freisin. D'fhéadfadh go bhféadfadh ganntanas lucht oibre le linn géarchéim drochaimsire nach mbeadh oiread den táirge in úsáid acu agus a bheadh de ghnáth. Beidh tionchar ar mhargaí do chuid custaiméirí ag an ngéarchéim drochaimsire freisin.
- D'fhéadfadh cur isteach ar bith ar chúrsaí lóistíochta go hidirnáisiúnta tionchar dá réir a imirt ar chúrsaí éilimh.
- Breithnítear an dócha go mbeadh éileamh níos mó ar tháirge dá dtarlódh géarchéim drochaimsire.
- D'fhéadfadh gur mó an t-éileamh a bheadh ar chineálacha áirithe seirbhísí cumarsáide.
- Tá táirgí agus seirbhísí áirithe ann ar mó tóir a bheidh orthu ná ar chinn eile le linn géarchéim drochaimsire. Mar shampla, is furasta a bheadh éileamh níos mó ar sheirbhísí iompair go dtí an baile ionas nach gá do dhaoine an baile a fhágáil.

- Sa chás gur maith iad táirgí agus seirbhísí an ghnólachta in ionad tháirgí nó seirbhísí eile a dtarlódh nach mbeadh tóir chomh mór orthu le linn géarchéim drochaimsire, d'fhéadfadh go dtiocfadh éileamh níos mó orthu.

D'fhéadfadh gur mhaith le custaiméirí athrú ón ngnáthchaidreamh a bhíonn eadaraibh le linn géarchéim drochaimsire. Beidh cuid mhór custaiméirí ar mian leo a laghad taistil agus is féidir a dhéanamh nó taisteal a sheachaint go hiomlán. Is dócha gur mó tóir a bheidh ar dhíolachán, glacadh le horduithe agus seirbhís a chur ar fáil don chustaiméir ar an teileafón nó ar an idirlíon. Sa chás gur leis an tomhaltóir a bhítear ag díol, b'fhéidir go mbeadh tóir ar sheirbhísí iompair go dtí an baile agus ar sheirbhísí roghnúcháin táirgí.

### 3.2.5 Riachtanais straitéiseacha a shonrú agus a shocrú

Is mór an seans go mbeidh tionchar ag cruachás drochaimsire ar an ngnó. Ar mhaithe le comhthéacs i ndáil leis an bpróiseas pleanála, ba cheart riachtanais straitéiseacha a shonrú, a phlé agus socrú mar gheall orthu. D'fhéadfadh go mbeadh ceisteanna mar seo a leanas i gceist:

1. Cinntiú go dtagann an gnó slán tar éis na géarchéime;
2. Na custaiméirí atá ag an ngnólacht a chaomhnú;
3. Fostaithe an ghnólachta a chaomhnú; agus
4. Déanamh ar bhealach stuama ó thaobh ceisteanna sóisialta trína dtiocfadh i gceist maidir le cúrsaí sláinte, sóisialta agus gnó mar gheall ar shocruithe a dhéantar a thabhairt san áireamh agus cúnaimh a thabhairt nuair is féidir sin don phobal go háitiúil.

### 3.2.6 Tuiscint maidir le haon riachtanas le cruinnithe ar aon láthair le linn géarchéim drochaimsire

Déantar athbhreithniú maidir le cineál agus líon na gcruinnithe ar aon láthair a tharlaíonn le custaiméirí agus le soláthraithe agus taobh istigh den ghnólacht féin. Smaoinítear ar an riachtanas atá leis na cruinnithe seo ó thaobh an ghnó. Déantar a mheas an éilítear mar gheall ar an riachtanas sin gur cruinniú ar aon láthair a tharlódh nó an bhféadfaí cur chuig an ngnó ar bhealach eile.

Tugtar faoi mheas arbh fhearr le daoine ar iondúil leo cruinniú ar aon láthair a iarradh modh oibre de chineál eile i gcás géarchéim drochaimsire trína seachnaítear taisteal.

### 3.2.7 Tugtar faoi mheas a dtagann i gceist maidir le cúrsaí taistil don ghnó le linn géarchéim drochaimsire

Tarlaíonn cur isteach tromchúiseach ar mhodhanna taistil agus iompair, modhanna bóthair, iarnróid, farraige agus aeir san áireamh, le linn cruachás drochaimsire. D'fhéadfadh tionchar dá réir ar an slabhra soláthair ó thaobh dhéantúsaíocht táirgí agus dhéanamh seirbhísí, chomh maith leis na táirgí agus na seirbhísí a chur ar fáil. D'fhéadfadh gá le pleanáil maidir le malairt modhanna.

Anuas air sin, cé nach bhfuil aon dualgas ginearálta faoin dlí ar fhostóir ordú a thabhairt d'fhostaí gan taisteal a dhéanamh le linn drochaimsire, is dócha go mbeidh fostóirí cúramach i gcónaí maidir le cinntiú go mbíonn roghanna sábháilte 'ar fáil go héasca' seachas tiomáint a dhéanamh i gcás drochaimsir.

D'fhonn aon dliteanas a mhaolú agus an lucht oibre a choinneáil sábháilte ba cheart taisteal maidir leis an ngnó a sheachaint oiread agus is féidir ach amháin na turais sin atá riachtanach don eagraíocht agus polasaithe soiléire a bheith i bhfeidhm agus tuiscint ag an meitheal bainistíochta orthu.

### **3.2.8 Tuigtear riachtanais speisialta roinnt de na fostaithe le linn géarchéim drochaimsire**

Ní ar an aon bhealach amháin a ghoillfidh an cruachás drochaimsire ar do chuid fostaithe go léir.

- Beidh riachtanas speisialta sláinte i gceist do roinnt acu;
- Beidh tábhacht mhór ag roinnt acu leis an teacht isteach airgid a chaomhnú;
- Beidh cúraimí níos mó ar chuid acu maidir le haire a thabhairt do dhaoine eile;
- Beidh turas níos faide le déanamh ag roinnt acu ná a bheidh ag daoine eile nó bealach níos contúirtí le taisteal (fána nó ard gear, limistéir a thagann faoi thuilte, etc.); agus
- Beidh roinnt ag brath níos mó ar chóras iompair poiblí a bheith ar fáil.

### **3.2.9 Tugtar faoi mheas a mbeadh i gceist ó thaobh cúrsaí bainistíochta airgeadais le géarchéim drochaimsire**

Meastar an tionchar a bheadh ag cruachás drochaimsire ar chúrsaí airgeadais, ar bhrabús, ar chorrach agus ar shreabhadh airgid go háirithe. Mar shampla:

- D'fhéadfadh gur lú an t-éileamh a bheadh ar tháirgí nó ar sheirbhísí an ghnólachta;
- D'fhéadfadh go dtiocfadh íslíú ar leibhéal an lucht oibre (agus an tionchar ar an sreabhadh airgid ag brath a bheag nó a mhór ar na socruithe maidir le saoire breoiteachta agus saoire atruach atá i bhfeidhm sa ghnólacht);
- Ní móide go bhféadfaí leibhéal táirgíochta a choinneáil ar an ngnáthleibhéal; agus
- An bhfuil an gnólacht ag brath ar chustaiméir mórthábhachta sa chaoi agus go mbeadh tionchar suntasach ag clis soláthar a dhéanamh ar ghnó a dhéanamh leis an gcustaiméir sin san am atá le theacht.

Sonraítear na réimsí ina bhféadfadh deacracht a bheith ina bhgairt maidir le seasmhacht an ghnólachta ó thaobh airgeadais.

Meastar conas a dhéanfaí bainistíocht ar chúrsaí airgeadais le linn cruachás leantach drochaimsire ionas go gcaomhnaítear bonn tréan airgeadais.

### **3.2.10 Spleáchas agus an Gnólacht**

Scrúdaítear cé chomh mór agus a bhíonn daoine eile ag brath ar an ngnólacht i gcás géarchéim drochaimsire. Chomh maith le riachtanais an ghnólachta a thabhairt faoi mheas, ba cheart a thuiscint chomh maith má tá daoine eile spleách ar an ngnólacht.

- An ndéanann an gnólacht soláthar d'earnálacha eacnamaíochta barrthábhachtacha ina mbeadh riachtanas le soláthar leanúnach tráthúil ón ngnólacht, mar shampla earnáil an

bhia agus na talmhaíochta, an tseirbhís sláinte in Éirinn nó soláthraithe cúram sláinte thar lear?

- An bhfuil daoine ag brath ar an ngnólacht maidir le bia, córas iompair agus lóistíochta, teas nó nithe bunriachtanacha eile?
- An bhfuil gnólachtaí eile ag brath ar an ngnólacht sin agatsa maidir le leanacht i bhfeidhm?

### 3.2.11 Laghdú scála

Smaoinítear ar na cásanna ina bhféadfadh go socrófaí laghdú ar an obair nó a cur ar athló le linn géarchéim drochaimsire. Is í an phríomhchuspóir a bhíonn le pleanáil don leanúnachas gnó i gcás cruachás drochaimsire, plean a leagan amach chun leanacht den obair i rith na géarchéime. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh go dtiocfadh cásanna chun cinn inarbh é leas an ghnólachta agus na bhfostaithe go fadtéarmach laghdú ar an obair nó an obair a chur ar atráth.

Is é an uair is mó a dtiocfadh sin i gceist:

- Nuair atá íslíú mór tagtha ar an éileamh ar tháirge nó ar sheirbhís ar an margadh;
- Sa chás nach mbíonn bunábhar ar fáil don ghnólacht;
- Sa chás go mbíonn cuid mhór den fhoireann oibre nach bhfuil ar fáil; agus / nó
- Má fhágann cás éigeandála líon mór daoine gan cumas taistil nó sáinnithe (e.g. tuilte).

Is cuid dhílis den phleanáil maidir le leanúnachas gnó an mheitheal bainistíochta géarchéime, ós iadsan a spreagann cur i bhfeidhm an phlean agus a dhéanann na socruithe mórthábhachta maidir le leanúnachas an ghnó, ina measc aon socrú laghdú ar an obair nó éirí aisti go ceann tamaill. Ba cheart go dtiocfadh an leibhéal údaráis agus freagrachta a bheadh ag daoine socrú den chineál sin a dhéanamh i gceist agus an mheitheal á cur le chéile.

## 3.3 Bearta chun Bonn Treise a chur faoin Leanúnachas

### 3.3.1 Ainmnítear ionadaithe

I gcás cruachás drochaimsire, d'fhéadfadh nach mbeadh daoine a bhfuil poist bharrthábhachtacha acu ar fáil le hobair a dhéanamh ar feadh tréimhsí éagsúla.

Déantar, mar chuid den phróiseas pleanála, ionadaithe a ainmniú ag a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an t-údarás is gá chun bainistíocht a dhéanamh, cinneadh a dhéanamh agus bearta cuí a dhéanamh. Ó tharla go bhféadfadh nach mbeadh an chéad ionadaí a ainmnítear ar fáil ach oiread, ba cheart ionadaithe ina dhiaidh sin a ainmniú chomh maith.

### 3.3.2 Foireann ilscileanna go hinmheánach

Smaoinítear ar fhoireann ilscileanna a thabhairt chun cinn nó cur leis an tréith sin d'fhonn:

- Cur le líon na bhfostaithe a bhfuil ar a gcumas obair shaineolais den riachtanas a dhéanamh;

- Cur le leibhéal eolais an lucht bainistíochta ionas gur féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir le réimsí eile san eagraíocht; agus
- Cur leis an solúbthacht maidir le fostaithe a cheapadh i rólanna éagsúla.

Smaoinítear ar mheitheal breise oibríthe a bheith ullamh, mar shampla, daoine a chuaigh ar scor nó conraitheoirí.

### 3.3.3 Cumarsáid leis an lucht foirne

Déantar cumarsáid leis an lucht foirne ar bhealach atá oiriúnach i bhfianaise na bhfógraí reatha faoi chúrsaí aimsire. Craobhscaoiltear eolas i measc an lucht oibre atá oiriúnach i bhfianaise na bhfógraí reatha faoi chúrsaí aimsire. Cuireann cruachás drochaimsire isteach go mór ar dhaoine sa lucht oibre; tharlódh nach bhféadann siad teacht chuig an obair nó dul ar ais abhaile, is mó an baol atá ann go dtarlódh tionóiscí. Teastaíonn an fhoireann ionas go n-oibríonn agus go bhfeidhmíonn an eagraíocht. Má airíonn an fhoireann gur cuma fúthu, ní móide go mbeifí sásta seasamh leis an ngnólacht tráth na géarchéime.

I gcás cruachás drochaimsire, ba cheart smaoiniamh ar na modhanna cumarsáide atá ar fáil duit agus ar an mbealach ina ndéanfar cumarsáid le lucht na foirne, go háirithe taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre. Cá mbeidh eolas ar fáil ag an bhfoireann faoin gcruachás drochaimsire agus faoin tionchar atá aige sin ar an eagraíocht? Ba cheart smaoiniamh ar ghlaonna cascáidithe, ar theachtaireachtaí téacs chuig grúpaí, ar na meáin shóisialta agus ar mhodhanna eile cumarsáide.

Tugadh faoi deara le linn cruachásanna drochaimsire roimhe seo go raibh deacracht ag daoine ar mhian leo tabhairt faoi thuras i gcarr eolas a fháil faoin aimsir ar feadh an bhealaigh. Tharla sin mar gheall nach raibh eolas mion faoi staid na mbóithre ar fáil ach amháin taobh istigh den limistéar údarais áitiúil agus nach raibh an t-eolas ó eagraíochtaí náisiúnta sách mion mar gheall ar an réimse leathan áiteanna agus cineálacha éagsúla aimsire. Má mheastar gur gá taisteal a dhéanamh, ní foláir don eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an méid eolais is féidir a fháil agus le bealaí chun an t-eolas sin a scaipeadh.

Ba cheart go bpléifí sa chumarsáid leis an lucht foirne:

- An stádas maidir le fógraí faoi chruachás drochaimsire / éigeandála agus an cur isteach a d'fhéadfadh a bheith aige ar chúrsaí gnó agus ar chúrsaí oibre; agus
- Plean ullmhúcháin an ghnóilachta maidir le géarchéim éigeandála maidir le drochaimsir, na bearta atá á ndéanamh agus ról na bhfostaithe i ndáil leis an bplean.

Ba cheart gach beart cumarsáide a bheith oiriúnach don lucht éisteachta nó léitheoireachta ó thaobh an ábhair, an chur i láthair agus na foclaíochta. Ba cheart fógraí meabhrúcháin faoi chúrsaí sábháilteachta agus ullmhúcháin maidir le leac oighir agus sneachta a chur ar láithreán gréasáin, ar chláir fógraí (leictreonaice nó a mhalairt), i nuachtlitreacha na bhfostaithe etc., sula dtarlaíonn cruachásanna drochaimsire agus lena linn.

Nuair a thagann deireadh leis an gcruachás drochaimsire (agus sula dtarlaíonn cruachás eile), ba cheart duit cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann agus aitheantas nó buíochas a chur in iúl maidir leis an dícheall a rinne siad i rith an chruacháis. Tabhair san áireamh, ní amháin iad sin a rinne a ndícheall bealach a dhéanamh chomh fada leis an ionad oibre, ach iad sin freisin a thug cúnaimh don eagraíocht in ionaid eile.

### 3.3.4 Plean cumarsáide a ullmhú do chásanna éigeandála

Ullmhaítear plean cumarsáide do chásanna éigeandála maidir leis an gcumarsáid le fostaithe, custaiméirí, soláthraithe agus geallsealbhóirí eile sa ghnólacht. Ba cheart go luaifí go sonrach sa phlean na pointí caidrimh mórtábhachta (maille le hionadaithe), na modhanna cumarsáide agus na próisis maidir le traiceáil ar stádas chúrsaí gnó agus chúrsaí foirne.

Ba cheart smaoiniamh ar chórais a bheith ullmhaite, mar shampla láithreáin gréasáin faoi leith, teachtaireachtaí téacs chuig grúpaí daoine ar fón póca, agus línte teileafóin faoi leith, don chumarsáid le fostaithe, le custaiméirí agus le soláthraithe maidir le stádas reatha na heagraíochta, na bearta atá á ndéanamh agus na bearta ba chóir dóibh féin a dhéanamh.

B'fhiú smaoiniamh ar fhógraí a ullmhú roimh ré maidir le cúrsaí éagsúla, mar shampla, cúrsaí sábháilteachta ar an láthair agus an chaidreamh a dhéanfar le custaiméirí nó soláthraithe i gcás fógra faoi chruachás drochaimsire.

Ba chóir an plean a leagan amach sa chaoi agus go gcinntítear an chumarsáid a bheith oiriúnach ó thaobh cultúir agus foclaíochta de. D'fhéadfadh, maidir le gnólachtaí éagsúla, gur den tábhacht an chumarsáid a dhéanamh i dteangacha éagsúla.

### 3.3.5 Déantar Polasaithe faoi Neamhláithreacht Fhostaithe agus Saoire Atruach a ullmhú

Ba cheart don eagraíocht polasaithe Acmhainní Daonna a thabhairt chun cinn i ndáil le saoire atruach. An dtugtar san áireamh daoine a thugann aire do thuismitheoirí aosta nó do dhaoine eile a mbeadh riachtanas speisialta ag baint leo? Ba cheart na polasaithe a chur in iúl roimh ré do na fostaithe. Leagtar síos polasaithe maidir le neamhláithreacht ar shaoire breoiteachta a bhaineann go saineúil le géarchéim drochaimsire.

Ba cheart go dtabharfaí san áireamh leo sin:

- gur dócha nach den phraiticiúlacht go dtabharfadh fostaithe cuairt ar dhochtúir maidir le scrúdú agus teastas i ndáil le breoiteacht; agus
- an gá atá le breithiúnas maidir le duine a bheith i riocht filleadh ar an obair sa chás gur tháinig fliú nó a leithéid orthu.

Leagtar síos polasaithe maidir le saoire atruach a bhaineann go saineúil le géarchéim drochaimsire, d'fhonn plé le cásanna ina mbeadh:

- fostaithe faoi mhéala;
- fostaithe sa chás go bhfuil gá gear go dtabharfaidís aire do dhuine eile; nó
- go mbeadh fostaithe i mbaol mór dá ndéanfaidís taisteal go dtí an obair nó ón obair agus nach féidir an baol sin a mhaolú a dhóthain.

Smaoinítear ar an dearcadh ba cheart a bheith ag an ngnólacht maidir le cúrsaí neamhláithreachta le linn géarchéim drochaimsire, arna thabhairt san áireamh:

- gur gá don ghnólacht go dtiocfadh an fhoireann ag an obair ionas gur féidir leanúnachas agus obair an ghnó a choinneáil ar bun;
- an brú a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine áirithe den fhoireann fanach ón obair; agus
- gurb é leas an ghnólachta agus na bhfostaithe i gcoitinne leanúnachas an ghnó agus easpa athraithe maidir leis an lucht foirne.

### 3.3.6 Déantar polasaithe faoi thaisteal thar lear le linn cruachás drochaimsire a ullmhú

I gcás géarchéim drochaimsire thar lear, déantar polasaithe a thabhairt chun cinn maidir le taisteal go dtí na limistéir sin inar tharla sin agus le fostaithe a bheadh ag obair sna limistéir sin nó ina gcóngar agus an chomhairle ón Roinn Iompair agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála á chur san áireamh.

Déantar polasaithe maidir le taisteal thar lear ar chúrsaí gnó a ullmhú, arna thabhairt san áireamh an cur isteach is dócha a bheadh ar sceidil eitle agus gur dócha go mbeadh drogall ar chuid mhór den lucht foirne dul san aer. Tugtar chun aire go bhféadfadh go ndúnfaí aerfoirt in Éirinn le linn cruachás drochaimsire.

### 3.3.7 Déantar pleanáil maidir le riachtanas lucht foirne thar lear

Smaoinítear ar an mbealach a ndéanfar bainistíocht i ndáil le lucht foirne thar lear agus lena dteaghlaigh (a d'fhéadfadh a bheith in Éirinn) agus a gcuideofar leo le linn géarchéim drochaimsire agus tugtar ceisteanna maidir lena dtabhairt ar ais go hÉirinn agus cúrsaí íocaíochta a thabhairt san áireamh.

Sa chás go bhfuil fochuideachtaí thar lear ag an ngnólacht nó beartaíocht eile ar siúl, cinntítear go mbíonn pleanáil ar siúl ina leith sin freisin maidir le cásanna ina dtarlódh cruachás drochaimsire in Éirinn agus an cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais den chineál sin ar an obair thar lear maidir le soláthar earraí, seirbhísí nó pearsanra a bheith ar fáil.

### 3.3.8 Déantar socruithe maidir le soláthar ábhair a chinntiú i gcás géarchéim drochaimsire

Smaoinítear ar bhearta a dhéanamh maidir le leanúnachas soláthar ábhair a chinntiú sa chás go dtarlaíonn cruachás drochaimsire;

- Scrúdaítear an bhféadfaí geallúintí a fháil maidir leis an tábhacht a leagfaidh soláthraithe ar sholáthar a dhéanamh don ghnólacht i gcás éigeandála;
- Spreagtar soláthraithe (go háirithe soláthraithe beaga) chun pleanáil a dhéanamh maidir le cás drochaimsire;
- Sonraítear malairt foinsí i ndáil le bunábhar mórthábhachta, déantar an caighdeán a mheas roimh ré agus déantar socrú gur féidir brath orthu sa chás go dtarlaíonn cur isteach ar an soláthar ábhair; agus
- Déantar athbhreithniú ar chonarthaí chun cásanna a d'fhéadfadh a theacht i gceist má tharlaíonn cruachás drochaimsire a thabhairt san áireamh.

### 3.3.9 Déantar athruithe a thabhairt faoi mheas

Tugtar san áireamh athruithe a d'fhéadfaí a chur ar tháirge, ar sheirbhís nó ar an gcaidreamh le custaiméirí le linn géarchéim drochaimsire, agus déantar an phleanáil d'aon leasú a mheastar a bheadh oiriúnach. Tugtar san áireamh athruithe a d'fhéadfaí a chur ar an táirge nó ar an tseirbhís a chuireann an gnólacht ar fáil le linn géarchéim drochaimsire:

- An féidir an táirge nó an tseirbhís a chur ar fáil gan oiread de chaidreamh ar aon láthair leis an gcustaiméir?
- An féidir laghdú ar an méid taistil a dhéantar nó ar a mhinice a dhéantar taisteal?

- Sa chás go gcuirtear isteach ar chúrsaí soláthair, an mbeifear ábalta táirge nó seirbhís a chur ar fáil a shásaíonn íosriachtanas an chustaiméara?
- An féidir gné an tsaothair a laghdú maidir leis an táirge nó leis an tseirbhís, b'fhéidir trí rogha níos cúinge a thairiscint, trí shonraíocht níos simplí a chur i bhfeidhm nó trí shrian a chur leis an tseirbhís don chustaiméir?

### 3.3.10 Athbhreithniú maidir le cúrsaí árachais

Ba cheart go mbeadh cásanna lena mbaineann spleáchas cinniúnach a shonrú agus cruachásanna drochaimsire a chur i gcás ina gcabhair maidir le mapa baoil a leagan amach i ndáil leis an eagraíocht. Ba cheart an mapa baoil a chur i gcomórtas leis an árachas atá agat d'fhonn aon bhearnaí a thabhairt faoi deara. Ba cheart na ceisteanna uile faoi chúrsaí árachais a thabhairt faoi athbhreithniú d'fhonn cinntiú gur dócha árachas leordhóthaineach agat i ndáil le cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le haimsir chrua nó le cruachás drochaimsire. Bheadh siad seo a leanas i measc na réimsí arbh fhiú smaoiniamh ar athbhreithniú a dhéanamh ina leith maidir le cúrsaí árachais:

- Árachas maidir le cur isteach ar an ngnó;
- Árachas maidir le fostaí ríthábhachtach;
- Dlíteanais a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar gheall ar dhrochaimsir, mar shampla sneachta, leac oighir, tuilte etc.;
- An bhfuil an t-árachas ar leibhéal leordhóthaineach; agus
- An bhféadfadh tábhacht a bheith le haon chlásál eisceachta, mar shampla maidir le tuilte, pléascadh píopaí, etc.

Is den tábhacht a thabhairt chun aire go mbíonn clásál sa chuid is mó de na polasaithe maidir le 'cúram réasúnach'. Thiofadh faoina scáth sin réamhbhearta cuí a dhéanamh go háirithe sa chás go mbíonn fógra roimh ré faoi dhrochaimsir. D'fhéadfadh bearta maidir le cosaint in aghaidh tuilte a chur i bhfeidhm, bearta breise slándála a chur ar bun nuair a bheadh cúis leis sin, cosáin agus bóithre inmheánacha a ghlanadh, agus eile a theacht san áireamh leis sin.

Déantar ceisteanna maidir le hárachas a bheith ag an ngnólacht in aghaidh na gcineálacha éagsúla baoil a bhaineann le hábhar a phlé leis an mbróicéar árachais.

## 3.4 Pleanáil i ndáil le Baol don Ionad Oibre le linn géarchéim Drochaimsire

### 3.4.1 Cinntiú go bhfuil an Próiseas Bainistíochta maidir le Cás Géarchéime leagtha síos go sainiúil agus go soiléir.

Is é an gnáthrud in Éirinn nach leanann eachtraí sneachta níos faide ná trí lá. Cé go mbíonn cur isteach mór ar chúrsaí taistil mar gheall ar na heachtraí sin, is gairid a leanann an chás mar sin agus ní gnáth go bhfulaingíonn gnólachtaí go trom leis. Tarlaíonn gur faide a mhair na cruachásanna drochaimsire le blianta beaga anuas agus ní mór solúbthacht sa phlean ionas gur féidir a chóiriú de réir mar is gá nuair nach dócha gur féidir an chéad eachtra eile a thuar roimh ré.



Cinntítear go bhfuil próiseas an ghnólachta maidir leis an meitheal bainistíochta i gcás géarchéime leagtha amach go sainiúil agus soiléire mar gheall air. Ba cheart go dtuigfeadh lucht na meithle an ról atá acu agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chás go dtarlaíonn nithe éagsúla (a bheadh curtha i gcás cheana) nó go dtiocfadh athrú ar chúrsaí. Is trí chleachtadh agus tástáil is fearr a thugtar sin a gcrích. Cinntítear go mbítear ar an eolas faoin bplean ar fud na heagraíochta ar fad.

### 3.4.2 Déantar pleanáil maidir le glanadh sneachta agus leac oigir taobh amuigh.

Sa chás go dtiteann sneachta nó go ndéanann sé sioc, beidh gá bealach sábháilte a dhéanamh isteach agus amach san áitreabh agus ag áiseanna éagsúla agus ní foláir pleananna a ullmhú maidir le sneachta agus leac oighir a ghlanadh chomh maith le bearta seachanta oiriúnacha. Ní mór cúram faoi leith a dhéanamh maidir le hionaid oibre taobh amuigh, cosáin agus bealaí faoin aer chuig foirgnimh ar an láithreán san áireamh.

Ba cheart suirbhé a dhéanamh ar an áitreabh d'fhonn deacrachtaí faoi leith a bhainfeadh le sneachta a ghlanadh as an mbealach le feithiclí a shonrú. D'fhéadfadh deacracht le sconsaí, postaí agus colbha bealaigh a fheiceáil ón uair a thosaíonn sneachta ag titim. Ba cheart tuairisc a choinneáil i scríbhinn ar riocht nithe den chineál sin agus ar a n-ionad sula dtagann an geimhreadh.

Cinntítear go mbíonn soláthar leordhóthaineach d'earraí agus de threalamh a bhaineann le cúrsaí aimsire ar fáil sula dtarlódh eachtraí drochaimsire a bhféadfaí a bheith ag súil leo. Ba cheart soláthraithe oiriúnacha a shonrú mar chuid den phlean. Tugtar san áireamh leis an gcineál sin, nuair is cuí, dóthain trealamh oibre, mar shampla sluaiste, scuaba scráide agus scríobáin leac oighir. Ba cheart obair chothabhála a dhéanamh ar threalamh glantacháin sneachta agus leac oighir sula dtagann an chéad sneachta a bheifí a thuar. Ba cheart meastachán a dhéanamh maidir leis an méid ábhair leáite, mar shampla salann agus gaineamh, a bheadh de dhíth sa chás go dtarlaíonn eachtra géar fada drochaimsire. Ba cheart pleanáil a dhéanamh freisin ionas go gcinntítear dóthain mataí siúlóide ar fáil, don taobh istigh agus don taobh amuigh.

Déantar a mheas chomh maith an mbeidh gá le hoiliúint inseirbhíse ar an lucht foirne a bheidh i mbun sneachta a ghlanadh, i ndáil le cúrsaí sábháilteachta, úsáid an trealamh agus an dóigh cheart leis an gcolainn a oibriú.

Maidir le háitreabh mhór fairsing, nó sa chás nach bhfuil acmhainní ar fáil san eagraíocht féin, déantar bearta ionas go mbíonn conraitheoir ar fáil maidir le sneachta agus leac oighir a ghlanadh chun bealaigh agus cinntítear go mbíonn eolas ag an gconraitheoir ar an áitreabh agus ar fhearann an áitribh chomh maith le hathbheithniú a dhéanamh ar an obair a mbeadh súil léi sula dtagann aon aimsir chrua.

Deimhnítear an t-ualach sneachta is féidir le foirgnimh an áitribh a sheasamh d'fhonn socrú ar gá sneachta a ghlanadh de dhíonta. Níor cheart d'aon duine tabhairt faoi obair den chineál sin ach amháin lucht foirne atá inniúil uirthi agus sin leis na nósanna imeachta sábháilteachta cuí i bhfeidhm agus nuair a ligeann an aimsir dóibh an obair a dhéanamh.

### 3.4.3 Déantar pleanáil maidir le glanadh éifeachtúil go minic ar an láthair oibre.

D'fhéadfadh gá le bearta breise glantacháin sa láthair oibre mar gheall ar eachtraí a mbíonn baint acu leis an aimsir, mar shampla tuilte nó leac oighir nó píopaí pléasctha etc. agus ba cheart pleanáil a dhéanamh maidir leis an mbealach a bpléifí lena leithéid de chás. D'fhéadfadh go bpléitear le cuid mhór de na ceisteanna céanna sa Ráiteas faoi Chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta don ionad agus is i bhfianaise an ráitis sin is ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar.

### 3.4.4 Cosaint in aghaidh tuilte

Déantar pleanáil maidir le bearta cosanta in aghaidh tuilte; sonraítear na daoine ar a leagtar an cúram ina leith agus an tráth a gcuirfidh siadsan bearta cosanta in aghaidh tuilte i bhfeidhm. Sa chás gur gá beart faoi leith a dhéanamh chun áitreabh a chosaint in aghaidh tuilte, ba cheart go dtuigfí go soiléir cén duine ar a bhfuil de chúram an beart sin a dhéanamh. Ba cheart go leagfaí amach go mion sa phlean an beart atá le déanamh agus an tráth a bhfuil an beart le déanamh. Sa chás gur aistríodh go dtí áitreabh nua, ba cheart cinntiú go ndearnadh tástáil ar an gcosaint in aghaidh tuilte agus gur féidir gach beart a bhaineann le hábhar a chur i bhfeidhm. Ba chóir pumpaí umair a thástáil agus bearta mar iad seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Sonraítear na daoine ar a leagtar an cúram maidir le bearta cosanta ina aghaidh tuilte;
- Sonraítear foinsí eolais faoin tráth a gcuirfear bearta cosanta in aghaidh tuilte i bhfeidhm; agus
- Déantar athbhreithniú maidir le trealamh cinniúnach a bhféadfaí dochar a dhéanamh dó le huisce ó thuilte (trealamh leictreachais, TE, etc.) agus socraítear sin, nuair is féidir sin, in ionaid seachas áiteanna a mbeadh baol mór ag baint leo (íoslach, etc.).

### 3.4.5 Maolú ar an seans go dtarlódh sceitheadh

Déantar pleanáil maidir le bearta a chur ar bun trína maolófaí an seans go dtarlódh sceitheadh agus a dtiocfadh dá bharr sin. Sonraítear na píobáin is mó a mbeadh baol ann ina leith (píobáin taobh amuigh, píobáin gan insliúchán, etc.) nó na tréimhsí is mó a mbeadh an baol ann lena linn, mar shampla, tréimhsí a mbeadh áitreabh folamh ar feadh tamaill (laethanta saoire na Nollag).

Cuimhnítear gur minic a thugtar níos mó damáiste faoi deara nuair a thagann deireadh leis an reo; seo a leanas roinnt beart seachanta a d'fhéadfaí a chur san áireamh:

- Ábhar insliúcháin a chur ar phíobáin agus ar chomhlaí taobh amuigh;
- Réiteach a dhéanamh an teas a chur ar siúl ó am go chéile nuair atá áitreabh folamh;
- Nuair is den phraiticiúlacht sin, socrú go ndéanfaí uisce a chur ar timthriall sna píobáin; agus
- A bheith cinnte go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoina bhfuil le déanamh sa chás go bpléascann píopa.

Bí cinnte go mbíonn oiliúint ar lucht na foirne freisin maidir leis na bearta atá le déanamh sa chás go dtarlaíonn sceitheadh, mar shampla:

- Aonraítear an soláthar uisce agus leictreachais;

- Tugtar nithe ardluacha ar furasta damáiste a dhéanamh dóibh chun bealaigh ón áit a ndéanfaí dochar dóibh; agus
- Ná déantar ceangal leis na seirbhísí fóntais arís go dtí go mbíonn gach ní seiceáilte.

### 3.4.6 Polasaithe Acmhainní Pearsanra a ullmhú

Cuirtear polasaithe le chéile maidir le fostaithe a bhfuil deacracht taistil acu a theacht i láthair ag an obair, éileamh go ndéanfaí socruithe speisialta maidir le hobair ón mbaile nó socruithe maidir le saoire atruach

### 3.4.7 Polasaithe maidir le modhanna solúbtha oibre a ullmhú

Ullmhaítear polasaithe maidir le solúbthacht i ndáil le hionaid oibre (e.g. teilea-obair) agus le huaireanta oibre (e.g. sealobair)

### 3.4.8 Infrastruchtúr TEC

Nuair is féidir teilea-obair nó modhanna eile don obair i gcéin a thabhairt san áireamh, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a bheadh de dhíth chun infrastruchtúr TEC a chur ar fáil a bheadh mar bhonn taca faoi sin. Ba chóir sin a dhéanamh sula dtarlódh aon chruachás drochaimsire ó tharla go bhféadfadh brú mór a bheith ar na hacmhainní TE cheana féin an tráth sin ag plé le ceisteanna a thagann chun cinn mar gheall ar an gcruachás drochaimsire. Is féidir leas a bhaint as Néalríomhaireacht mar mhodh éifeachtúil chun leanúnachas gnó a chinntiú, ach ní mór pleanáil a dhéanamh ina leith sin roimh ré. D'fhéadfaí infrastruchtúr TEC a thabhairt san áireamh maidir le cianchaidreamh le custaiméirí sa chás gur beart cinniúnach don ghnólacht orduithe a choinneáil, cé gur cheart deacrachtaí a bhainfeadh le freastal a dhéanamh ar na custaiméirí a chur san áireamh nuair a dhéantar an infheistíocht.

### 3.4.9 Pleanáil a dhéanamh ar bhearta chun laghdú ar an méid caidrimh le custaiméirí nó soláthraithe a tharlaíonn ar an aon láthair amháin.

Taobh amuigh de chliseadh fóntais agus deacrachtaí le cúrsaí lóistíochta, is féidir breathnú ar chruachásanna drochaimsire mar nithe a bhaineann den chuid is mó le cás an duine. D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag an lucht foirne agus ag custaiméirí le taisteal agus is mó go mór an baol atá ann go dtarlódh timpistí. Ba cheart laghdú ar an taisteal maidir le cúrsaí gnó de réir mar is measa a éiríonn an aimsir agus, nuair is féidir é, ba cheart bearta eile a dhéanamh chun leanacht den fheidhmiú éifeachtúil (glaonna comhdhála, comhdhálacha físeáin, caidreamh ar-líne).

### 3.4.10 Bearta maidir le heagrú na hoibre a shonrú

Sonraítear bearta is féidir a dhéanamh maidir le heagrú na hoibre chun an seans a mhaolú go dtógfadh fostaithe galar ó dhaoine atá sa láthair oibre a bhfuil slaghdán éadrom etc. orthu. Ba cheart go mbeadh dea-nósanna sábháilteachta agus sláinteachais á leanacht agus d'fhéadfaí scéimeanna a eagrú maidir le vaicsíní in aghaidh an fliú etc.

Tá foilseacháin Forfás agus na ngrúpaí  
comhairleacha a gcuireann sé tacaíocht  
riaracháin agus rúnaíochta ar fáil ar  
[www.forfas.ie](http://www.forfas.ie)

Chun liostáil dár bhfoláirimh ríomhphoist,  
déan

teagmháil linn ag [info@forfas.ie](mailto:info@forfas.ie) nó tríd an  
láithreán gréasáin.

Samhain 2011

## **Forfás**

Wilton Park House  
Wilton Place  
Dublin 2

Tel: +353 1 607 3000

Fax: +353 1 607 3030

[www.forfas.ie](http://www.forfas.ie)